# RÁITEAS UM CHOSAINT LEANAÍ

## (Ullmhaithe i gcomhréir le alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)

## 1. AINM NA SEIRBHÍSE

An Garda Síochána

## 2. NÁDÚR NA SEIRBHÍSÍ AGUS PRIONSABAIL MAIDIR LE LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHÍOBHÁIL

Foráiltear in Alt7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005:

(1) Gurb í feidhm an Gharda Síochána chun póilíneacht agus slándáil a sholáthar, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, seirbhísí don Stáit a bhfuil mar chuspóir acu-

(a) an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú,
(b) beatha agus maoin a chosaint,
(c) cearta gach duine a chosaint,
(d) slándáil an Stáit a chosaint,
(e) coireacht a chosc,
(f) an dlí a chur ar choirpigh, lena n-áirítear coireacht a bhrath agus a imscrúdú, agus
(g) trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

(2) Chun na críche dá ddtagraítear i bhfo-alt (1) a bhaint amach, comhoibreoidh an Garda Síochána, de réir mar is cuí, le Ranna eile den Stát, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí, atá freagrach de réir dlí, as aon ábhar bainteach le haon ghné den chríoch sin.

Tá freagracht agus dualgas cúraim ar phearsanra atá fostaithe ag an nGarda Síochána lena dheimhniú go bhfuil gach leanbh dá gcuirtear an tseirbhís ar fáil sábháilte agus cosanta ó dhíobháil mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Cloíonn an Garda Síochána, de réir a nádúir bhunúsaigh, le reachtaíocht chun an baol do leanaí a mhaolú. Tá sé seo mar bhunús sna doiciméid bheartais agus treoirlínte san eagraíocht. Baineann na beartais agus nósanna imeachta ar a dtugtar cuntas sa Ráiteas um Chosaint Leanaí seo leis an bpearsanra ar fad atáfostaithe ag an nGarda Síochána, d'fhonn a chinntiú go soláthraítear an leibhéal is airde de chosaint leanaí agus is féidir.

**Tá an Garda Síochána tiomanta do leanaí a chosaint agus, chun na críche seo, tugann sé aird ar fhorálacha ábhartha Bhunreachtaíocht na hÉireann agus ar fhorálacha reachtaíochta ábhartha.**

## 3. MEASÚNÚ RIOSCA

Tugadh faoi mheasúnú riosca cuimsitheach, d'fhonn rioscaí féideartha a aithint a d'fhéadfadh teacht aníos do leanaí agus iad ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, a chuireann eolas ar fáil don Ráiteas um Chosaint Leanaí seo.

| | An Riosca a Sainaithníodh | Nós Imeachta i bhFeidhm chun an Riosca a Sainaithníodh a Bhainistiú |
|---|---|---|
| 1 | **Riosca Díobhála do Leanaí a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána agus iad i mbun a ndualgas.** | • Cód Eitice don Gharda Síochána<br>• Athbhreithnithe déanta ag an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána<br>• Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid treoirlínte maidir le tuairisciú, fógairt, agallaimh agus imscrúduithe ar a dtugtar cuntas mionsonraithe sa mheasúnú riosca iomlán a choimeádtar ag an Aonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí de chuid Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta.<br>• Oiliúint ábhartha curtha ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (OIÓanna) |
| 2 | **Riosca Díobhála do Leanaí i gcúram/faoi choimeád an Gharda Síochána ó dhaoine eile a úsáideann Seirbhís na nGardaí.** | • Chomh fada agus is féidir, coimeádtar leanaí scartha ó dhaoine eile fad a bhíonn siad i stáisiúin an Gharda Síochána, chun riosca díobhála a sheachaint.<br>• Na Rialacháin faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 agus 2006.<br>• Nósanna Imeachta agus Treoracha Taifeadta i leith Leanaí i gCúram an Gharda Síochána |
| 3 | **Riosca Díobhála do Leanaí a ghlacann páirt i gCláir Óige a eagraíonn an Garda Síochána** | • Oiliúint ar Thús Áite do Leanaí a chur ar gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige agus Garda Pobail<br>• Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid treoirlínte maidir le tuairisciú, fógairt, agallaimh agus imscrúduithe. |
| 4 | **Díobháil do leanbh nár aithin nó nár thuairiscigh an pearsanra laistigh den Gharda Síochána, nó freagairt mhíchuí ar mhí-úsáid.** | • Tá roinnt doiciméid eolais tugtha do phearsanra laistigh den Gharda Síochána maidir le Tús Áite do Leanaí.<br>• Tá sé éigeantach go gcuirtear oiliúint ar Thús Áite do Leanaí ar gach ball den Gharda Síochána le linn Oiliúint Promhóra nó trí oiliúint a sholáthraítear trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.<br>• "Tús Eolais ar Thús Áite do Leanaí" – oiliúint éigeantach ríomhfhoghlama do gach ball den Gharda Síochána. |

## 4. NÓSANNA IMEACHTA

Forbraíodh Ráiteas um Chosaint Leanaí an Gharda Síochána i gcomhréir le ceangail faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017). Mar aon leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú, mar atá sonraithe thuas, tacaíonn na nósanna imeachta seo leanas le cosaint leanaí a bhíonn i dteagmháil leis an nGarda Síochána:

- Tá gach ball den Gharda Síochána faoi réir imscrúdú i ndiaidh go ndéantar líomhaintí i leith mí-úsáid leanaí i gcomhréir leis an Dlí Coiriúil, Acht an Gharda Síochána, 2005 agus Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007.
- Tá gach ball den Gharda Síochána faoi réir grinnfhiosrúcháin nuair a dhéanann siad iarratas agus nuair a cheaptar iad i dtosach. Anuas air sin, tá pearsanra atá fostaithe in obair speisialtóra le leanaí faoi réir measúnú oiriúnachta breise.
- Cuirtear oiliúint ar Thús Áite do Leanaí ar gach ball den Gharda Síochána le linn Oiliúint Promhóra nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
- Cuirfear gach údar imní maidir le cosaint agus leas leanaí a bhfuil eolas ag an nGarda Síochána fúthu in iúl do Tusla i gcomhréir leis an gComhphrótacal Oibre d'Idirchaidreamh idir an Garda Síochána/ Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Is daoine faoi shainordú iad gach ball den Gharda Síochána. Is daoine faoi shainordú iad gach ball foirne sibhialtach ata fostaithe ag na Gardaí mar chleachtóirí leighis, altraí, síceolaithe, agus múinteoirí.
- Is é an duine ábhartha, chun críche an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 an Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an tAonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí). GNPSB@garda.ie.

## 5. CUR I BHFEIDHM

Tá an Garda Síochána tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun tacú leis an tiomantas maidir le leanaí a chosaint ó dhíobháil. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí roimh an 11 Márta 2022, nó a luaithe agus is féidir tar éis go dtagann athrú ábhartha ar aon cheist lena mbaineann an ráiteas.

Andrew Harris

**Coimisinéir an An Garda Síochána**

**Déan teagmháil, le do thoil, leis an 'Duine Ábhartha' chun críocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 maidir le haon cheisteanna: An Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (An tAonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí)**

**Ag Coinneáil Daoine Sábháilte – Keeping People Safe**